




# Paidir ar son Sean-tuismitheoirí

A Thiarna Íosa,  
Rugadh Thú ó'n mhaighdean Mhuire,  
iníon Naomh Íochaim agus Áine.  
Féach go grámhar ar shean-tuismitheoirí ar fud an domhain.  
Déan iad a chosaint. Is foinse saibhris iad do theallaigh,  
do'n Eaglais agus do'n tsochaí fré chéile.  
Tabhair tacaíocht dóibh. De réir mar a théann siad in aois go leana siad thar  
cheann a muintire a bheith láidir i gcreideamh an tSoiscéil,  
caomhnaitheoirí beo de thradisiúin theagasc Chríost.  
Déan díobh múinteoirí críonnachta agus crógachta agus go mbronna siad  
torthaí aibí a gcuid taithí daonna agus spioradálta ar an nglúin atá le theacht.

A Thiarna Íosa,  
Cabhraigh le clanna agus an tsochaí  
urraim a bheith acu do ról sean-tuismitheoirí.  
Nára dhéantar faillí orthu agus nára fhágtar amach iad,  
ach go bhfaighe siad i gconaí meas agus grá.  
Cabhraigh leo maireachtáil go síochánta sa gcaoi go n-aireoidh siad go bhfuil  
fáilte rompu ar feadh 'chuile bhliain de'n saol a mbronnann Tú orthu.  
A Mhuire, Máthair gach dúil bheo,  
coinnigh sean-tuismitheoirí go seasmhach faoi do choimirce,  
bí leo ar a n-oilithreacht ar thalamh,  
agus tré d'idirghuí, deonaigh go mbeidh 'chuile theallach ath-aontaithe arís  
sa mbaile ar neamh,  
áit a bhfanann tú leis an chine daonna ar fad le barróg na beatha a thabhairt  
dóibh le saol na saol.

Ámen.



*Benedictus II In*